Polasaí Frith Thromaíochta

Coláiste Íde

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag **Bord Bainistíochta Choláiste Íde** mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
  - ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
  - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
  - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
- Ceannaireacht éifeachtach;
- Cur chuige scoile uile;
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
  - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
  - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;
- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

Sainmhíniú ar Thromaíocht

An rud a thuigtear le tromaíocht ná iompar diúltach neamh iarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair tromaíochta seo a leanas sa sainmhíniú nach sainmhíniú uileghabhálach é:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidreamh tromaíochta;
- cibearbhulaíocht; agus
- tromaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós tromaíocht homafóbach, tromaíocht chiníoch, tromaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus tromaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.
- Lena chois sin, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar tromaíochta.

Cineálacha tromaíochta

Seo a leanas cuid de na cineálacha iompair tromaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhaltaí:

- **Ionsaitheacht fhisiciúil:** Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nó cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo
- **Imeaglú:** Cineál ar leith iompar tromaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda.
- **Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile**: Tarlaíonn tromaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhairt air/uirthi d'aon ghnó. Grúpa a bhailíonn le chéile in aghaidh duine amháin (cailín nó buachaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.
- **Cibearbhulaíocht:** Is tromaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacs teachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar líne.
- **Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine**: Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta
- **Dochar do mhaoin**: I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta
- **Sracadh:** D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoi bhagairt

Táscairí d'iompar tromaíochta

D'fhéadadh na comharthaí seo a leanas a chur i bhfios go bhfuil tromaíocht á dhéanamh ar dhalta:

- Imní mar gheall ar an turas chun na scoile nó abhaile uaithi, m.sh. ag iarraidh síob ar thuismitheoir nó ag iarraidh ar thuismitheoir í/é a bhailiú, an bealach chun na scoile a athrú, bheith ag dul ar scoil/ag teacht abhaile ón scoil lasmuigh de na gnáth uaireanta;
- Drogall maidir le dul ar scoil, diúltú dul ar scoil, múitseáil;

- An fheidhmíocht oideachais a bheith ag dul chun donais, easpa cumais chun díriú ar an obair agus laghdú ar dhíograis agus ar spéis i gcúrsaí scoile;
- Patrún de bhreoiteacht fhisiciúil, m.sh. tinnis chinn, tinnis bhoilg;
- Athrú ar ghiúmar nó ar iompar nach féidir a mhíniú a d'fhéadfadh a bheith níos sofheicthe díreach roimh dhul ar ais ar scoil tar éis an deireadh seachtaine agus go háirithe tar éis laethanta saoire scoile;
- Comharthaí feiceálacha imní nó ciaptha, m.sh. caint stadach, gan a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, tromluí, deacrachtaí codlata, gol, athrú ar phatrúin itheacháin, caitheamh aníos, fliuchadh na leapa;
- Rudaí a rá go spontáineach faoi dhaltaí nó múinteoirí, rudaí nach mbeadh súil leo ón duine sin;
- Maoin a bheith ar iarraidh nó damáiste déanta di;
- Níos mó airgid á iarraidh, nó airgead a bheith á ghoid;
- Gortú nó ballbhrú nach féidir a mhíniú, nó éadaí stróicthe; agus
- Drogall agus/nó diúltú a rá cad é atá ag cur isteach ar an dalta.

4. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:

- Príomhoide/ Príomhoide Tánaisteach
- Múinteoirí Ranga
- Múinteoir Treoir Ghairme
- Coiste Tacaíochta na Macléinn

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil:

Ról agus Freagracht

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bpolasaí a dhearbhú, agus tá foireann na scoile freagrach as an bpolasaí a chur i ngníomh go laethúil

Daltaí

Beifear ag súil go seasoidh gach scoláire leis an bpolasaí agus le Cód Iompair na scoile i gcónaí.

Má déantar tromaíocht ort nó má tá tromaíocht á dhéanamh ba cheart an eachtra a chur in iúl dos na ceannairí, don mhúinteoir ranga, an comhairleoir nó don leas phríomhoide nó an príomhoide. Déanfar an eachtra a iniúchadh chun fíricí na scéil a chinntiú chomh fada agus is féidir

Foireann na Scoile

Aithníonn an scoil ról na múinteoirí i bhforbairt agus caomhnú an pholasaí. Aithníonn an scoil príomh chuspóir mhúinteoirí ó thaobh múineadh agus foghlamtha de agus an ról lárnach acu i mbainistiú iompair na ndaltaí agus deá iompair a mhúscailt agus a spreagadh tré

- Deá-shampla a thabhairt i bhfocal agus i ngníomh i gcónaí.
- Bheith ag faire do comharthaí buartha nó do ócáidí ina bhfuil amhras fé thromaíocht i gceist.
- Iarracht a dhéanamh aon seans do thromaíocht a chur ar ceal trí bheith ag gluaiseacht timpeall measc na ndaltaí i gcónaí nuair atá siad ag feitheoireacht.
- Bheith in am don rang agus gluaiseacht tapaidh idir ranganna.
- Iarracht a dhéanamh cabhrú leis an duine atá thíos le tromaíocht chun cúiseanna buartha a chur ar ceal gan í a chur i gcontúirt breise.
- Bheith gníomhach i leith straitéisí ina gcothaítear iombhá, meas agus athléimneacht ina daltaí ar bhonn leanúnach

- Deiseanna éis churaclaim ar fáil chun féin mhuinín na ndaltaí a chothú
- Múinteoirí Ranga: Cód Iompair agus an Polasaí Tromaíochta a phlé go rialta sna chruinnithe ranga chun deá iompair a spreagadh agus a mhúscailt. Tugann an múinteoir ábhair/ ranga focal molta nuair is ga agus uair sa mhí
- Ócáidí go bhfuil amhras fúthu gur deineadh tromaíocht a chur in iúl do bhall den bhfoireann mar shampla an príomhoide, an leas phríomhoide, an comhairleoir 7rl. a leanfaidh an córas atá socraithe.
- Féadann múinteoirí tionchar dearfach a bheith acu ar iompar tromaíochta trí thionscnaimh churaclaim éagsúla mar shampla an churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), leas a bhaint as an acmhainn *Ag Fás mar Dhuine- LGBT,* An Chlár Oideachas Caidrimh agus Gnéasach agus san Oideachas Saoránach agus sa ranganna Teagasc Creidimh.
- Laethanta oideachais a eagrú ar nós drámaí, aoi chainteoirí, póstaeir, seachtain frith thromaíochta
- Beidh deis ag aon bhall foirne freastail ar chúrsa inseirbhíse a bhaineann le Tréad Chúram/ Tromaíocht i gcónaí
- Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí sna chruinnithe foirne

Tuismitheoirí

Aithníonn an scoil tábhacht ról na dtuismitheoirí i bhforbairt agus caomhnú an pholasaí. Beifear ag súil go dtabharfaidh siad féin tacaíocht dearfa agus go spreagfaidh said a n-iníonacha chun cloí leis an bpolasaí agus go mbeidís

- Ag faire amach do chomharthaí buartha in a leanaí; nach maith leo filleadh ar an scoil; patrúin tinneas cinn; gléasra scoile in easnamh orthu; breis airgid á lorg; éadaí loitithe.
- Suim a bheith acu i saol sóisialta agus i gcairde a leanaí
- Comhairle a thabhairt don leanbh aon ócáid tromaíocht a chur in iúl do bhall den bhfoireann na scoile. Más féidir, lig dóibh féin tuairisc a thabhairt agus an cás a

láimhseáil iad féin. Is féidir féin-mhuinín agus féin-mheas a fhorbairt tré'n fadhb a láimhseáil gan tuismitheoirí

- Cuir in iúl don scoil é má tá amhras go bhfuil tromaíocht ar siúl fiú muna bhfuil a leanaí féin i gceist (go díreach)
- Cuntas scríobtha a choimeád, (***cé dhein é, cad a tharla, cathain, cén áit, cén fáth, conas***) gan a mholadh don leanbh díoltas (retaliate) a bhaint amach
- A bheith toilteanach teacht go dtí an scoil má tá a leanaí páirteach i tromaíocht.
- Is féidir le daltaí tacaíocht a thabhairt dá chéile trí aon tromaíocht a chur in iúl do údaráis na scoile

Bord Bainistíochta

- Is é an Bord Bainistíochta a dheineann bainistiú that cheann na scoile
- Ní mór don phríomhoide tuairisciú don Bhord Bainistíochta uair sa téarma, ar a laghad agus an t-eolas cuí a sholáthar (De réir treoracha na Roinne Oideachais)
- Ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an bpolasaí tromaíochta agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é
- Ní mór fógra scríofa gur athbhreithníodh polasaí tromaíochta na scoile a chur ar fail do phearsanra na scoile agus é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoil

6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta

Gnásanna Chun Iompar Tromaíochta a Imscrúdú agus Déileáil leis

Polasaí maidir le Spot-Seiceanna Tréad Chúram

Cuirtear na ceisteanna seo

1. An bhfuil aon chailín sa scoil ag cur isteach ort?
2. An bhfuil aithne agat ar aon chailín sa scoil go bhfuil cailín eile ag cur isteach uirthi?
3. An bhfuil aon ní eile ag cur isteach ort/ le rá agat?

Bíonn ar gach scoláire ainm agus dáta a chur ar an lth

Straitéisí Idirghabhála Bunaithe

Beidh deis ag na scoláirí an lth a líonadh amach thar oíche agus é a fhágaint i ***mBosca Bob*** an lá ina dhiaidh

Má thagann faic suas is féidir ceist a chur orthu, go neamh fhoirmiúil, aon eolas cuí atá acu a thabhairt, mas gá

Labhraínn an Leas Phríomhoide /Príomhoide leis an rang má thagann faic suas, cuirfear an fhoireann ar an eolas chomh maith

Cuirfear nóta go tuismitheoirí na scoláirí chun iad a chóiméad ar an eolas go leanúnach

Cuirfidh an comhairleoir plean comhairleoireachta le cheile bunaithe ar na fíricí

Is féidir leis Leas Phríomhoide/ Príomhoide labhairt le aon scoláire go neamh fhoirmiúil arís ina dhiaidh chun a chinntiú go bhfuil cúrsaí feabhsaithe

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:

Gnásanna chun déileáil le tromaíocht

- Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdú agus déileáil leo
- Agus anailís á déanamh ar theagmhais d'iompar bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna **céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé na daoine, agus cad chuige**? (Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta)
- Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdú agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéid is gur féidir
- Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n-áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige thús ón gcéad lá;
- Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d'iompar bulaíochta a thuairiscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh;
- I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is féidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú. I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar tromaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó go soiléir gur sháraigh sí nó sé beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó s an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an tromaíocht á déanamh air nó uirthi nó air.
- Cuirfear comhairleoireacht ar fáil don duine gur deineadh tromaíocht uirthi chun cabhrú léi an eachtra a láimhseáil. Is féidir go mbeadh tacaíocht leanúnach i gceist chun cabhrú léi straitéisí pearsanta sóisialta a fhorbairt chun tromaíocht a láimhseáil.
- Cuirfear comhairleoireacht ar fáil do dhalta a bhí ag gabháil d'iompar tromaíochta chomh maith ionas gur féidir leo a féin fhiúntas a mhéadú.
- Sa chás go bhfuil gá leis beidh sé riachtanach do dhalta freastal ar chomhairleoir seachtrach ar feadh tréimhse agus cuntas a chur ar fáil don scoil/ coláiste

- Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás go mbeidh gá le smachtú de réir an Cóid Iompair
- I gcásanna ina measann an múinteoir ábhartha nár caitheadh go leordhóthanach leis an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis di/dó a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha é sin a thaifead sa teimpléad taifeadta ón Roinn Oideachais

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an **Eanáir 2014 agus déanadh athbhreithniú ar an bpolasaí:**

- **Mí Eanáir 2015**
- **Mí Eanáir 2016**
- **Mí Eanáir 2017**
- **25 Deireadh Fómhair 2018**
- **23 Meán Fómhair 2021**
- **27 Deireadh Fómhair 2022**
- **13ú Meitheamh 2023**
- **Déanfar athbhreithniú arís i Mí Meitheamh 2024**

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínithe: Máire Uí Mhurchú Síniú: Conall Ó Gnáthmhaoil

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) **(Príomhoide/Rúnaí)**

Dáta: 13/6/2023

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Mí Meitheamh 2024